Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2024/696

22.1.2024

**Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais (an Mór-Dhlísheomra) an 28 Samhain 2023 (iarraidh ar réamhrialú ó tribunal du travail de Liège – an Bheilg) – OP v Commune d'Ans**

**(Cás C-148/22 [1]), Commune d'Ans)**

***(Tarchur chun réamhrialú – Beartas sóisialta – Treoir 2000/78/CE – Creat ginearálta a chruthú le haghaidh na córa comhionainne san fhostaíocht agus sa ghairm – Toirmeasc ar idirdhealú bunaithe ar reiligiún nó ar chreideamh – Earnáil phoiblí – Rialacháin oibre poiblí riarachán a chuireann cosc ar aon chomhartha infheicthe fealsúnach nó reiligiúnach a chaitheamh san ionad oibre – Caifirín Ioslamach – Ceanglas maidir le neodracht i dteagmháil leis an bpobal, leis an ordlathas agus leis na comhghleacaithe)***

(C/2024/696)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Tribunal du travail de Liège

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* OP

*Cosantóir:* Commune d'Ans

**An chuid oibríochtúil**

Maidir le hAirteagal 2(2)(b) de Threoir 2000/78/CE ón gComhairle an 27 Samhain 2000 lena mbunaítear creat ginearálta le haghaidh córa comhionainne in ábhair fostaíochta agus oibre,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

féadfaidh riail inmheánach de chuid riaracháin bhardasaigh lena dtoirmisctear, ar bhealach ginearálta agus neamh-idirdhealaitheach, ar bhaill foirne an riaracháin sin aon chomhartha a thaispeánann, go háirithe, comharthaí infheicthe fealsúnacha nó reiligiúnacha a chaitheamh san ionad oibre a bheith inchosanta de bharr toilteanas an riaracháin sin timpeallacht riaracháin atá go hiomlán neodrach a bhunú, ag cur an comhthéacs ina bhfeidhmíonn sé san áireamh, ar choinníoll go bhfuil an riail sin iomchuí, riachtanach agus comhréireach i bhfianaise an chomhthéacs sin agus na cearta agus na leasanna éagsúla lena mbaineann á gcur san áireamh.

---

[1] IO C 207, 23.5.2022.